Preaseisiúint FRA
Vín, 6 Nollaig 2017

# Cé gur tosaíodh é beagnach 10 mbliana ó shin, tá ag teip go fóill ar an gcomhrac in aghaidh idirdhealaithe agus fuatha i dtreo mionlach

**Tá baol ann go ndéanfar a lán daoine de ghrúpa mionlaigh a imeallú agus a choimhthiú mar gheall ar an idirdhealú, an éadulaingt agus an fuath leanúnach atá forleathan ar fud an Aontais Eorpaigh. Tríd is tríd, is daoine iad sin a bhfuil dáimh acu leis an tír ina gcónaíonn siad agus a bhfuil muinín acu as institiúidí na tíre sin. Tháinig na torthaí sin chun cinn ó athshuirbhé mór a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA).**

*"Thugamar rabhadh beagnach deich mbliana ó shin gurbh ann d'idirdhealú agus fuath eitneach ar mhórscála. Léirítear sna torthaí nua seo atá á bhfoilsiú inniu nach bhfuil ag éirí lenár ndlíthe ná lenár mbeartais cosaint dhóthanach a thabhairt do na daoine a bhfuil siad dírithe orthu,"* a dúirt Michael O'Flaherty, Stiúrthóir FRA. *"Gach uair a dhéantar idirdhealú nó a chuirtear fuath in iúl, baintear an bonn d'imeascadh sóisialta agus cruthaítear éagothroime a dhéanann dochar do na glúine atá le teacht. Is amhlaidh go gcothaíonn an méid sin ar fad braistintí coimhthís a bhféadfadh iarmhairtí uafásacha a bheith acu ar deireadh."*

Tugtar le fios sa doiciméad **Dara Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar an Idirdhealú (EU-MIDIS II): príomhthorthaí** go bhfuil gá ann le bearta sonracha níos láidre a chur i bhfeidhm lena dtabharfar cosaint dhlíthiúil in aghaidh an idirdhealaithe, mar aon le smachtbhannaí éifeachtacha ina leith. Ina theannta sin, ós rud é nár tuairiscíodh 88% de chásanna idirdhealaithe eitnigh, 90% de chásanna ciaptha a bhí inspreagtha ag fuath ná 72% de chásanna foréigin a bhí inspreagtha ag fuath, tá for-rochtain i bhfad níos láidre ag teastáil chun íospartaigh a spreagadh teagmhais a thuairisciú. Ag an am céanna, teastaíonn ó chomhlachtaí forfheidhmithe dlí agus ó chomhlachtaí comhionannais na huirlisí cearta chun déileáil go héifeachtach leis na tuairiscí sin.

Is é seo a leanas sampla de na príomhthorthaí eile ar thángthas orthu:

- Rinneadh idirdhealú ar 38% de fhreagróirí am éigin sna cúig bliana seo a chuaigh thart, agus daoine de bhunadh na hAfraice Thuaidh (45%), daoine den phobal Romach (41%) agus daoine de bhunadh na hAfraice fo-Shaháraí (39%) faoina réir go háirithe. Bhí an t-idirdhealú le sonrú go príomha nuair a bhí daoine ar lorg oibre (29% de chásanna).
- Rinneadh ciapadh a bhí inspreagtha ag fuath ar 31% de fhreagróirí ar imircigh den dara glúin iad am éigin sa bhliain seo a chuaigh thart. Ciapadh 50% de na híospartaigh sin sé huaire ar a laghad sa bhliain sin;
- Ba lú an céatadán de dhaoine de phobal mionlaigh (61%) a chríochnaigh an meánoideachas uachtarach ar a laghad ná an pobal i gcoitinne (74%). Laghdaíonn sé sin na deiseanna fostaíochta atá acu.

Tugtar le fios sna torthaí freisin gur mó an mhuinín as institiúidí poiblí atá ag daoine de phobal mionlaigh ná an mhuinín atá ag an bpobal i gcoitinne astu. Tugtar le fios iontu chomh maith go bhfuil dáimh láidir ag formhór na ndaoine de phobal mionlaigh leis an tír ina gcónaíonn siad. Tríd is tríd, tá siad oscailte do ghrúpaí eitneacha eile freisin.

Tá tionchar an idirdhealaithe, an chiaptha agus an fhoréigin le feiceáil go soiléir sna torthaí, áfach. Is lú i measc íospartach ná i measc daoine eile atá an mhuinín as institiúidí poiblí. Tá dáimh níos laige acu leis an tír ina gcónaíonn siad freisin.

Is é seo an dara suirbhé ar mhionlaigh agus ar imircigh atá déanta ag an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha. Ní hé amháin gur féachadh sa suirbhé ar an idirdhealú, ciapadh, stopanna ag na póilíní agus feasacht ar chearta, cuireadh ceisteanna ann freisin faoi chomharthaí eile imeasctha amhail braistint cómhuintearais, muinín as institiúidí poiblí agus oscailteacht do ghrúpaí eile.

**Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach le do thoil an pacáiste preasa nó téigh i dteagmháil le:** media@fra.europa.eu / Teil.: +43 1 580 30 642.

**Nótaí d'eagarthóirí:**

- Tá an tuarascáil seo mar chuid de shuirbhé a rinneadh ar fud an Aontais Eorpaigh ar 25,500 duine a bhfuil cúlra inimirceach nó cúlra mionlaigh eitnigh acu, lena n-áirítear Romaigh agus Rúisigh, i ngach ceann de na 28 mBallstát den Aontas Eorpach. Cuireann torthaí na tuarascála leis na torthaí ón gcéad suirbhé den chineál sin ó FRA, rud a rinneadh sa bhliain 2008.
- Is é FRA comhlacht neamhspleách an Aontais Eorpaigh atá freagrach as cúnamh agus saineolas a thabhairt don Aontas agus dá Bhallstáit maidir le cearta bunúsacha.